Uimhir 42 *de* 2014

AN tACHT ÁRACHAIS SLÁINTE (LEASÚ), 2014

[*An tiontú oifigiúil*]

Uimhir 42 *de* 2014

AN tACHT ÁRACHAIS SLÁINTE (LEASÚ), 2014

[*An tiontú oifigiúil*]

CLÁR AN ÁBHAIR

Alt

1. Míniú
2. Leasú ar alt 7 den Phríomh-Acht
3. Leasú ar alt 7A den Phríomh-Acht
4. Leasú ar alt 8 den Phríomh-Acht
5. Leasú ar alt 11C den Phríomh-Acht
6. Leasú ar Sceideal 3 a ghabhann leis an bPríomh-Acht
7. Leasú ar Sceideal 4 a ghabhann leis an bPríomh-Acht
8. Leasú ar alt 125A den Acht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa, 1999
9. Gearrtheideal, comhlua agus forléiriú

NA HACHTANNA DÁ DTAGRAÍTEAR

An tAcht Árachais Sláinte, 1994 (Uimh. 16)

Na hAchtanna Árachais Sláinte, 1994 go 2013

An tAcht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa, 1999 (Uimh. 31)

Uimhir 42 *de* 2014

AN tACHT ÁRACHAIS SLÁINTE (LEASÚ), 2014

[*An tiontú oifigiúil*]

Acht do leasú an Achta Árachais Sláinte, 1994 chun an ráta inlamhála préimhe glaine is iníoctha i leith aosaigh óga a shonrú; do leasú an Achta sin chun socrú a dhéanamh maidir le duine árachaithe a aistriú ó ghnóthas comhaltais shrianta chuig gnóthas cláraithe eile gan feidhm a bheith ag aon tréimhse feithimh thosaigh bhreise; do leasú an Achta sin chun méid na préimhe a íocfar as an gciste um chothromú fiontar, i leith aicmí áirithe daoine árachaithe, ón 1 Márta 2015, a shonrú; do leasú an Achta sin chun méid an chreidmheasa úsáide leapa ospidéil is infheidhme ón 1 Márta 2015 a shonrú; do dhéanamh leasuithe áirithe eile ar an Acht sin; do dhéanamh leasuithe iarmhartacha ar an Acht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa, 1999; agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe gaolmhara.

[25 *Nollaig* 2014]

Achtaítear ag an Oireachtas mar a leanas:

Míniú

1. San Acht seo, ciallaíonn "Príomh-Acht" an tAcht Árachais Sláinte, 1994.

Leasú ar alt 7 den Phríomh-Acht

2. (1) Leasaítear alt 7 den Phríomh-Acht—

(a) i bhfo-alt (5)(b), tríd an bhfomhír seo a leanas a chur in ionad fhomhír (i):

"(i) (I) le duine atá 18 mbliana d'aois nó os a chionn agus faoi bhun 21 bhliain d'aois, agus is préimh ghlan í sin nach mó ná 50 faoin gcéad den phréimh ghlan i leith duine seachas na daoine a shonraítear san fho-alt seo faoi chonradh árachais sláinte arna chur i gcrích ag an ngnóthas sin,

(II) le duine atá 21 bhliain d'aois nó os a chionn agus faoi bhun 22 bhliain d'aois, agus is préimh ghlan í sin nach lú ná 51 faoin gcéad agus nach mó ná 60 faoin gcéad den phréimh ghlan i leith duine seachas na daoine a shonraítear san fho-alt seo faoi chonradh árachais sláinte arna chur i gcrích ag an ngnóthas sin,

(III) le duine atá 22 bhliain d'aois nó os a chionn agus faoi bhun 23 bliana d'aois, agus is préimh ghlan í sin nach lú ná 61 faoin gcéad agus nach mó ná 70 faoin gcéad den phréimh ghlan i leith duine seachas na daoine a shonraítear san fho-alt seo faoi chonradh árachais sláinte arna chur i gcrích ag an ngnóthas sin,

(IV) le duine atá 23 bliana d'aois nó os a chionn agus faoi bhun 24 bliana d'aois, agus is préimh ghlan í sin nach lú ná 71 faoin gcéad agus nach mó ná 80 faoin gcéad den phréimh ghlan i leith duine seachas na daoine a shonraítear san fho-alt seo faoi chonradh árachais sláinte arna chur i gcrích ag an ngnóthas sin,

(V) le duine atá 24 bliana d'aois nó os a chionn agus faoi bhun 25 bliana d'aois, agus is préimh ghlan í sin nach lú ná 81 faoin gcéad agus nach mó ná 90 faoin gcéad den phréimh ghlan i leith duine seachas na daoine a shonraítear san fho-alt seo faoi chonradh árachais sláinte arna chur i gcrích ag an ngnóthas sin, agus

(VI) le duine atá 25 bliana d'aois nó os a chionn agus faoi bhun 26 bliana d'aois, agus is préimh ghlan í sin nach lú ná 91 faoin gcéad agus nach mó ná 100 faoin gcéad den phréimh ghlan i leith duine seachas na daoine a shonraítear san fho-alt seo faoi chonradh árachais sláinte arna chur i gcrích ag an ngnóthas sin,",

agus

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (5):

"(5A) I gcás go mbeartóidh gnóthas cláraithe an phréimh ghlan is iníoctha a laghdú ar an tslí a fhoráiltear le fo-alt (5)(b)(i), déanfaidh sé amhlaidh i ndáil le gach aicme daoine dá dtagraítear i gclásail (I) go (VI) den fho-alt sin ar an tslí a fhoráiltear sna clásail sin.".

(2) Tiocfaidh *fo-alt (1)* i ngníomh an 1 Bealtaine 2015.

Leasú ar alt 7A den Phríomh-Acht

3. Leasaítear alt 7A den Phríomh-Acht—

(a) i bhfo-alt (2), trí "D'ainneoin alt 7, ach faoi réir fho-ailt (2A) agus (3), ceanglóidh gnóthas cláraithe," a chur in ionad "D'ainneoin alt 7 ach faoi réir fho-alt (2A), féadfaidh gnóthas cláraithe a cheangal,", agus

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3):

"(3) Aon oibleagáid chun a cheangal go n-íocfar an méid is mó sin, tá sí faoi réir rialachán faoi fho-alt (6) (cibé acu a dhéantar iad roimh thosach feidhme *alt 3* den *Acht Árachais Sláinte (Leasú), 2014*, ar an tosach feidhme sin nó dá éis).".

Leasú ar alt 8 den Phríomh-Acht

4. Leasaítear alt 8 den Phríomh-Acht—

(a) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3):

"(3) Chun críocha an Achta seo, féadfaidh an tAire na tréimhsí uasta feithimh le haghaidh incháilitheacht le haghaidh seirbhísí nó íocaíochtaí, nó le haghaidh seirbhísí agus íocaíochtaí araon, faoi chonradh árachais sláinte a fhorordú, is tréimhsí a fhéadfaidh gnóthas cláraithe a fhorchur i leith an duine a mbeidh an conradh á chur i gcrích aige nó aici nó i leith a chleithiúnaithe nó a cleithiúnaithe, lena n-áirítear, ach gan dochar do ghinearáltacht an mhéid sin roimhe seo, i leith duine—

(a) ag a bhfuil aois fhorordaithe nó atá faoi bhun aoise forordaithe,

(b) ag a bhfuil aois fhorordaithe nó atá os cionn aoise forordaithe,

(c) atá faoi riocht sláinte an tráth a chuirtear an conradh i gcrích,

(d) a bhfuil conradh árachais sláinte curtha i gcrích aige nó aici sa Stát gan conradh árachais sláinte a bheith curtha i gcrích aige nó aici roimhe sin sa Stát,

(e) a bhfuil conradh árachais sláinte curtha i gcrích aige nó aici leis an ngnóthas agus a raibh conradh árachais sláinte curtha i gcrích aige nó aici roimhe sin leis an ngnóthas sin cibé acu i leith na seirbhísí céanna nó na n-íocaíochtaí céanna nó i leith seirbhísí éagsúla nó íocaíochtaí éagsúla, nó ina leith araon, nó

(f) a bhfuil conradh árachais sláinte curtha i gcrích aige nó aici leis an ngnóthas agus a raibh conradh árachais sláinte curtha i gcrích aige nó aici roimhe sin le gnóthas cláraithe eile cibé acu i leith na seirbhísí céanna nó na n-íocaíochtaí céanna nó i leith seirbhísí éagsúla nó íocaíochtaí éagsúla, nó ina leith araon.",

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (5):

"(5) Más rud é, maidir le conradh árachais sláinte ('an conradh céadluaite') arna chur i gcrích le gnóthas cláraithe (lena n-áirítear gnóthas den sórt sin is gnóthas comhaltais shrianta), go scoirfidh sé de bheith i bhfeidhm agus go ndéanfaidh duine ba pháirtí sa chonradh sin nó a ainmníodh ann conradh árachais sláinte eile a chur i gcrích le gnóthas cláraithe ('an dara conradh a luaitear'), laistigh de cibé tréimhse tar éis an scoir sin a fhorordófar, ansin sa mhéid gur conradh i leith cibé seirbhísí nó íocaíochtaí, nó cibé seirbhísí agus íocaíochtaí araon, a sholáthrófaí nó ab iníoctha, de réir mar is cuí, faoin gconradh céadluaite an dara conradh a luaitear—

(a) ní faide an tréimhse feithimh le haghaidh incháilitheachta le haghaidh na seirbhíse nó na híocaíochta, nó le haghaidh na seirbhíse agus na híocaíochta araon, faoin dara conradh a luaitear—

(i) don duine nó leis an duine, nó

(ii) d'aon duine eile, nó le haon duine eile, a bheidh ainmnithe sa chonradh agus ba pháirtí freisin, nó a ainmníodh freisin, sa chonradh céadluaite,

ná an tréimhse a bheadh ann dá ndéanfaí an dara conradh a luaitear a chur i gcrích an tráth a rinneadh an conradh céadluaite a chur i gcrích, agus

(b) measfar an oiread den tréimhse feithimh sin atá comhionann leis an oiread sin den tréimhse chéanna faoin gconradh céadluaite a bhí éagtha tráth an scoir réamhráite a bheith éagtha.",

agus

(c) trí fho-alt (6) a scriosadh.

Leasú ar alt 11C den Phríomh-Acht

5. (1) Leasaítear alt 11C den Phríomh-Acht, i bhfo-alt (1)(b), trí "1 Márta 2015" a chur in ionad "1 Márta 2014".

(2) Tiocfaidh *fo-alt (1)* i ngníomh an 1 Márta 2015.

Leasú ar Sceideal 3 a ghabhann leis an bPríomh-Acht

6. (1) Leasaítear Sceideal 3 a ghabhann leis an bPríomh-Acht trí "€90.00" a chur in ionad "€60.00".

(2) Tiocfaidh *fo-alt (1)* i ngníomh an 1 Márta 2015.

(3) Níl feidhm ag Sceideal 3 a ghabhann leis an bPríomh-Acht, agus a leasaítear le *fo-alt (1)*, ach amháin i gcás conradh árachais sláinte a dhéanfar nó a athnuafar an 1 Márta 2015 nó dá éis (agus, dá réir sin, leanfaidh an Sceideal sin, mar a bheidh sé i bhfeidhm díreach roimh an dáta sin, d'fheidhm a bheith aige i gcás conradh árachais sláinte arna dhéanamh nó arna athnuachan an 1 Márta 2014 nó dá éis ach roimh an 1 Márta 2015).

Leasú ar Sceideal 4 a ghabhann leis an bPríomh-Acht

7. (1) Leasaítear Sceideal 4 a ghabhann leis an bPríomh-Acht tríd an Tábla seo a leanas a chur in ionad Thábla 2:

"TÁBLA 2

NA MÉIDEANNA IS INFHEIDHME AN 1 MÁRTA 2015 NÓ DÁ ÉIS

An Aicme Duine Árachaithe	**An méid den phréimh atá le híoc as an gCiste**
Fireannach atá 50 bliain d'aois agus os a chionn ach faoi bhun 55 bliana d'aois an dáta a athnuaitear nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (neamh-bhreischumhdach) é)	Nialas
Fireannach atá 50 bliain d'aois agus os a chionn ach faoi bhun 55 bliana d'aois an dáta a athnuaitear nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (breischumhdach) é)	Nialas
Baineannach atá 50 bliain d'aois agus os a chionn ach faoi bhun 55 bliana d'aois an dáta a athnuaitear nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (neamh-bhreischumhdach) é)	Nialas
Baineannach atá 50 bliain d'aois agus os a chionn ach faoi bhun 55 bliana d'aois an dáta a athnuaitear nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (breischumhdach) é)	Nialas
Fireannach atá 55 bliana d'aois agus os a chionn ach faoi bhun 60 bliain d'aois an dáta a athnuaitear nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (neamh-bhreischumhdach) é)	Nialas
Fireannach atá 55 bliana d'aois agus os a chionn ach faoi bhun 60 bliain d'aois an dáta a athnuaitear nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (breischumhdach) é)	Nialas
Baineannach atá 55 bliana d'aois agus os a chionn ach faoi bhun 60 bliain d'aois an dáta a athnuaitear nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (neamh-bhreischumhdach) é)	Nialas
Baineannach atá 55 bliana d'aois agus os a chionn ach faoi bhun 60 bliain d'aois an dáta a athnuaitear nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (breischumhdach) é)	Nialas
Fireannach atá 60 bliain d'aois agus os a chionn ach faoi bhun 65 bliana d'aois an dáta a athnuaitear nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (neamh-bhreischumhdach) é)	€200
Fireannach atá 60 bliain d'aois agus os a chionn ach faoi bhun 65 bliana d'aois an dáta a athnuaitear nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (breischumhdach) é)	€425
Baineannach atá 60 bliain d'aois agus os a chionn ach faoi bhun 65 bliana d'aois an dáta a athnuaitear nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (neamh-bhreischumhdach) é)	€150
Baineannach atá 60 bliain d'aois agus os a chionn ach faoi bhun 65 bliana d'aois an dáta a athnuaitear nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (breischumhdach) é)	€300
Fireannach atá 65 bliana d'aois agus os a chionn ach faoi bhun 70 bliain d'aois an dáta a athnuaitear nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (neamh-bhreischumhdach) é)	€525
Fireannach atá 65 bliana d'aois agus os a chionn ach faoi bhun 70 bliain d'aois an dáta a athnuaitear nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (breischumhdach) é)	€1,075

An Aicme Duine Árachaithe	An méid den phréimh atá le híoc as an gCiste
Baineannach atá 65 bliana d'aois agus os a chionn ach faoi bhun 70 bliain d'aois an dáta a athnuaitear nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (neamh-bhreischumhdach) é)	€350
Baineannach atá 65 bliana d'aois agus os a chionn ach faoi bhun 70 bliain d'aois an dáta a athnuaitear nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (breischumhdach) é)	€725
Fireannach atá 70 bliain d'aois agus os a chionn ach faoi bhun 75 bliana d'aois an dáta a athnuaitear nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (neamh-bhreischumhdach) é)	€825
Fireannach atá 70 bliain d'aois agus os a chionn ach faoi bhun 75 bliana d'aois an dáta a athnuaitear nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (breischumhdach) é)	€1,750
Baineannach atá 70 bliain d'aois agus os a chionn ach faoi bhun 75 bliana d'aois an dáta a athnuaitear nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (neamh-bhreischumhdach) é)	€600
Baineannach atá 70 bliain d'aois agus os a chionn ach faoi bhun 75 bliana d'aois an dáta a athnuaitear nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (breischumhdach) é)	€1,200
Fireannach atá 75 bliana d'aois agus os a chionn ach faoi bhun 80 bliain d'aois an dáta a athnuaitear nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (neamh-bhreischumhdach) é)	€1,025
Fireannach atá 75 bliana d'aois agus os a chionn ach faoi bhun 80 bliain d'aois an dáta a athnuaitear nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (breischumhdach) é)	€2,250
Baineannach atá 75 bliana d'aois agus os a chionn ach faoi bhun 80 bliain d'aois an dáta a athnuaitear nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (neamh-bhreischumhdach) é)	€800
Baineannach atá 75 bliana d'aois agus os a chionn ach faoi bhun 80 bliain d'aois an dáta a athnuaitear nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (breischumhdach) é)	€1,700
Fireannach atá 80 bliain d'aois agus os a chionn ach faoi bhun 85 bliana d'aois an dáta a athnuaitear nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (neamh-bhreischumhdach) é)	€1,475
Fireannach atá 80 bliain d'aois agus os a chionn ach faoi bhun 85 bliana d'aois an dáta a athnuaitear nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (breischumhdach) é)	€2,975
Baineannach atá 80 bliain d'aois agus os a chionn ach faoi bhun 85 bliana d'aois an dáta a athnuaitear nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (neamh-bhreischumhdach) é)	€1,025
Baineannach atá 80 bliain d'aois agus os a chionn ach faoi bhun 85 bliana d'aois an dáta a athnuaitear nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (breischumhdach) é)	€2,125
Fireannach atá 85 bliana d'aois agus os a chionn an dáta a athnuaitear nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (neamh-bhreischumhdach) é)	€1,750

An Aicme Duine Árachaithe	An méid den phréimh atá le híoc as an gCiste
Fireannach atá 85 bliana d'aois agus os a chionn an dáta a athnuaitear nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (breischumhdach) é)	€3,725
Baineannach atá 85 bliana d'aois agus os a chionn an dáta a athnuaitear nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (neamh-bhreischumhdach) é)	€1,125
Baineannach atá 85 bliana d'aois agus os a chionn an dáta a athnuaitear nó a dhéantar, de réir mar a bheidh, an conradh iomchuí (ar conradh iomchuí (breischumhdach) é)	€2,475

".

(2) Tiocfaidh *fo-alt (1)* i ngníomh an 1 Márta 2015.

Leasú ar alt 125A den Acht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa, 1999

8. (1) Leasaítear alt 125A den Acht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa, 1999 tríd an míniú seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar "ráta sonraithe":

"ciallaíonn 'ráta sonraithe'—

(a) i leith conarthaí iomchuí arna n-athnuachan nó arna ndéanamh an 1 Eanáir 2015 nó dá éis agus an 28 Feabhra 2015 nó roimhe—

(i) €100.00 i leith duine árachaithe atá faoi bhun 18 mbliana d'aois agus atá árachaithe faoi chonradh iomchuí lena ndéantar foráil maidir le neamh-bhreischumhdach,

(ii) €135.00 i leith duine árachaithe atá faoi bhun 18 mbliana d'aois agus atá árachaithe faoi chonradh iomchuí lena ndéantar foráil maidir le breischumhdach,

(iii) €290.00 i leith duine árachaithe atá 18 mbliana d'aois nó os a chionn agus atá árachaithe faoi chonradh iomchuí lena ndéantar foráil maidir le neamh-bhreischumhdach, agus

(iv) €399.00 i leith duine árachaithe atá 18 mbliana d'aois nó os a chionn agus atá árachaithe faoi chonradh iomchuí lena ndéantar foráil maidir le breischumhdach,

agus

(b) i leith conarthaí iomchuí arna n-athnuachan nó arna ndéanamh an 1 Márta 2015 nó dá éis—

(i) €80.00 i leith duine árachaithe atá faoi bhun 18 mbliana d'aois agus atá árachaithe faoi chonradh iomchuí lena ndéantar foráil maidir le neamh-bhreischumhdach,

(ii) €135.00 i leith duine árachaithe atá faoi bhun 18 mbliana d'aois agus atá árachaithe faoi chonradh iomchuí lena ndéantar foráil maidir le breischumhdach,

(iii) €240.00 i leith duine árachaithe atá 18 mbliana d'aois nó os a chionn agus atá árachaithe faoi chonradh iomchuí lena ndéantar foráil maidir le neamh-bhreischumhdach, agus

(iv) €399.00 i leith duine árachaithe atá 18 mbliana d'aois nó os a chionn agus atá árachaithe faoi chonradh iomchuí lena ndéantar foráil maidir le breischumhdach.".

(2) Tiocfaidh *fo-alt (1)* i ngníomh an 1 Eanáir 2015.

Gearrtheideal, comhlua agus forléiriú

9. (1) Féadfar an tAcht Árachais Sláinte (Leasú), 2014 a ghairm den Acht seo.

(2) Féadfar na hAchtanna Árachais Sláinte, 1994 go 2014 a ghairm de na hAchtanna Árachais Sláinte, 1994 go 2013 agus den Acht seo (seachas *alt 8*) le chéile agus forléireofar le chéile iad mar aon Acht amháin.

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
52 FAICHE STIABHNA, BAILE ÁTHA CLIATH 2.
(Teil: 01 - 6476834 nó 1890 213434; Fax: 01 - 6476843)
nó trí aon díoltóir leabhar.

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
52 ST. STEPHEN'S GREEN, DUBLIN 2.
(Tel: 01 - 6476834 or 1890 213434; Fax: 01 - 6476843)
or through any bookseller.

€2.54

Wt. —. 22. 06/21. Essentra. (54886). Gr.30-15.

978-1-4468-3207-3